Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**9699/20**

**TRANS 316**
**AVIATION 145**
**MAR 99**
**CONSOM 120**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 9694/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le “Comhlíonadh na mbeart rialaithe ionfhabhtaithe agus sláinteachais chun iompar comhchoiteann trasteorann do phaisinéirí a áirithiú” |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le "Comhlíonadh na mbeart rialaithe ionfhabhtaithe agus sláinteachais chun iompar comhchoiteann trasteorann do phaisinéirí a áirithiú", a d'fhormheas an Chomhairle tríd an nós imeachta i scríbhinn an 24 Iúil 2020.

**IARSCRÍBHINN**

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le

## Comhlíonadh na mbeart rialaithe ionfhabhtaithe agus sláinteachais chun iompar comhchoiteann trasteorann do phaisinéirí a áirithiú

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**AG FÉACHAINT DO**

- na treoirlínte ón gCoimisiún Eorpach an 13 Bealtaine 2020 maidir le seirbhísí agus nascacht iompair a athbhunú de réir a chéile[1]

- an treoir ón Aontas Eorpach an 13 Bealtaine 2020 maidir le seirbhísí turasóireachta a atosú de réir a chéile agus le prótacail sláinte i ngnólachtaí fáilteachais[2],

**TÁ SÍ TIOMANTA** dá páirt a ghlacadh maidir le muinín shaoránaigh an Aontais Eorpaigh i gcórais iompair chomhchoiteanna thrasteorann do phaisinéirí a spreagadh arís, trí úsáid tacar comhordaithe iontaofa de bhearta a chur chun cinn lena gcosnaítear an tsláinte phoiblí agus sláinte na mball foirne a fhostaítear in earnáil an iompair chomhchoitinn trasteorann do phaisinéirí chun an margadh aonair a chaomhnú agus a neartú agus nascacht iomlán a athbhunú ag an am céanna;

**TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go bhfuil patrúin soghluaisteachta daoine athraithe mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus na srianta gaolmhara, rud a d'fhág gur tháinig laghdú suntasach ar líon na bpaisinéirí sna modhanna iompair chomhchoitinn uile do phaisinéirí;

**IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil méadú ag teacht ar líon na bpaisinéirí arís agus an dianghlasáil agus na srianta taistil á maolú de réir a chéile agus deireadh á chur leis na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a tugadh isteach go sealadach;

---

[1] C(2020) 3139 (final)
[2] C(2020) 3251 (final)

**DAINGNÍONN SÍ** nach n-oibreoidh seirbhísí trasteorann go réidh mura mbeidh na bearta le haghaidh na modhanna iompair uile trédhearcach agus mura gcuirfear na bearta sin in iúl go soiléir ionas gurb eol do phaisinéirí sula gcuirfear tús lena dturas cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí agus ag na moltaí maidir lena n-áit imeachta agus lena gceann scríbe agus maidir leis an modh iompair a bheidh á úsáid acu agus, más amhlaidh go bhfuil, cad iad na hoibleagáidí agus na moltaí sin; agus go ndéanfar an fhaisnéis sin a nuashonrú go rialta chun a hiontaofacht a áirithiú;

Maidir leis na bearta sriantacha go léir a ghlactar chun an tsláinte a chosaint agus chun breis ionfhabhtuithe COVID-19 a chosc, **MEASANN SÍ** gur cheart iad a chur in oiriúint i gcónaí don staid eipidéimeolaíoch de réir mar is gá agus nár cheart iad a bheith i bhfeidhm a thuilleadh nuair a bheidh macasamhail na ndálaí a bhí ann roimh COVID-19 le brath arís;

**MEASANN SÍ** gur cheart go gcaithfí leis na hearnálacha iompair uile ar bhealach comhsheasmhach a mhéid is féidir agus aontaíonn sí leis an ráiteas ón gCoimisiún Eorpach nach mór d'oibreoirí iompair a chuireann seirbhísí coibhéiseacha ar fáil a bheith faoi réir caighdeáin choibhéiseacha chun cothroime iomaíochta a chaomhnú;

**TUGANN SÍ DÁ hAIRE,** áfach, go leanfaidh sé de bheith ríthábhachtach go bhforbrófar réitigh aonair lena léireofar na sainiúlachtaí a bhaineann le gach modh iompair agus go gcuirfear na réitigh sin i bhfeidhm ar sheirbhísí trasteorann ar fud na hEorpa ina dhiaidh sin chun go gcaomhnófar agus go bhfeabhsófar tarraingteacht na modhanna iompair éagsúla comhchoiteanna trasteorann do phaisinéirí agus, san am céanna, a áirithiú go gcosnófar sláinte na bpaisinéirí agus na mball foirne araon;

**CUIREANN SÍ I bhFIOS** go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh aon diall ón gcur chuige comhchoiteann sin bunaithe go hiomlán agus go trédhearcach ar an bhfianaise eipidéimeolaíoch is fearr atá ar fáil don Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC);

**D'AINNEOIN** an ghá atá ann muinín paisinéirí as taisteal sábháilte a athbhunú, **CUIREANN SÍ I dTREIS** gur cheart solúbthacht a bheith ag na Ballstáit maidir leis na bearta a mholtar leis seo a chur i bhfeidhm, i bhfianaise fhorbairt na staide eipidéimeolaíche;

**DE BHRÍ** nach féidir leis na bearta seo a leanas deireadh a chur le hionfhabhtuithe ach gur féidir an riosca ionfhabhtaithe a íoslaghdú má chomhlíontar iad;

**CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá sé go mbeadh feidhm ag bunrialacha áirithe sláinteachais agus rialaithe ionfhabhtuithe maidir le gach seirbhís iompair chomhchoiteann trasteorann do phaisinéirí gan beann ar na forálacha atá i bhfeidhm ag an áit imeachta nó ag an gceann scríbe. **MOLANN SÍ** comhordú a dhéanamh ar na rialacha sin agus go gcuirfeadh na Ballstáit na bearta seo a leanas go háirithe chun cinn:

- i gcás inar féidir, ba cheart do gach taistealaí fanacht achar sábháilte ó dhaoine eile, cé is moite de bhaill dá dteaghlaigh nó dá líon tí a bhfuil siad ag taisteal leo;

- i gcás inarb indéanta go teicniúil, ba cheart na roghanna uile chun teagmháil fhisiciúil a laghdú a chur san áireamh, úsáid níos mó a bhaint as ticéadú digiteach agus as cigireachtaí digiteacha ar thicéid mar shampla, agus ba cheart na roghanna sin a shaothrú más féidir;

- nósanna imeachta trasnaithe teorann a éascú leis an teagmháil idir baill foirne agus paisinéirí a íoslaghdú a mhéid is féidir laistigh den chreat atá ann cheana;

- mura féidir bearta teicniúla nó eagraíochtúla eile a dhéanamh chun scaradh sóisialta a choinneáil ar bun, moltar, i gcomhréir le bearta náisiúnta rialaithe ionfhabhtuithe, go gcumhdódh taistealaithe a mbéal agus a srón ar gach modh iompair a oibríonn seirbhísí comhchoiteanna trasteorann do phaisinéirí (feithiclí, traenacha, soithí agus eitleáin, pointí rochtana agus bonneagar bordála agus díbhordála);

- ní mór cúrsaíocht leordhóthanach aeir úir agus soláthar rialta aeir úir a áirithiú ar gach modh iompair a oibríonn seirbhísí trasteorann agus

- ba cheart an glantachán ar gach modh iompair a oibríonn seirbhísí comhchoiteanna trasteorann do phaisinéirí (feithiclí, traenacha, soithí agus eitleáin, pointí rochtana agus bonneagar bordála agus díbhordála) a mhéadú, agus, i gcás ina ndearnadh glantachán roimhe, ba cheart ardchaighdeán glaineachta a choinneáil; d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin táirgí díghalraithe a chur ar fáil;

**MOLANN SÍ** do na Ballstáit agus do na heintitis fhreagracha leanúint d'fheachtais faisnéise agus phoiblíochta a reáchtáil chun muinín na dtaistealaithe a neartú trí iad a chur ar an eolas faoi na bearta atá á ndéanamh chun srian a chur leis an bpaindéim, lena n-áirítear ag moladh do thaistealaithe gan dul ar bord aon mhodh iompair nuair a bhíonn siomptóim COVID-19 orthu;

**MOLANN SÍ** d'oibreoirí iompair a chuireann seirbhísí trasteorann agus gníomhairí taistil ar fáil, go háirithe, an fhaisnéis uile atá acu maidir le rialacha sláinteachais agus leis an iompraíocht a mholtar i spásanna poiblí agus ar an modh iompair atá i gceist, a chur ar fáil ar a suíomhanna gréasáin agus ar a mbogearraí feidhmiúcháin le haghaidh gléasanna móibíleacha ('aipeanna') agus í sin a chur ar fáil go minic ar na bealaí rochtana agus ar an modh iompair, nuair is féidir;

**MOLANN SÍ** go leanfadh earnáil an iompair eitlíochta treoirlínte agus moltaí Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA), an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú agus na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), a foilsíodh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19;

**MOLANN SÍ** go leanfadh earnáil an mhuiriompair treoirlínte agus moltaí na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) agus ECDC;

**MOLANN SÍ** go leanfadh an earnáil iompair d'iarnród treoirlínte agus moltaí Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) agus ECDC;

**IS DÍOL SÁSAIMH DI** na treoirlínte a cheap an Comhlachas Eorpach um Chúrsáil Abhann (IGRC) agus an tAontas Eorpach Báirse (EBU) maidir le cur le hiompar ar uiscebhealaí intíre agus cúrsáil abhann;

**TUGANN SÍ DÁ hAIRE** na treoirlínte agus na moltaí a cheap an tAontas Idirnáisiúnta um Iompar de Bhóthar (IRU) le haghaidh seirbhísí trasteorann bus agus cóiste;

**IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún Eorpach leanúint de chomhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus na moltaí iompair a glacadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais maidir le COVID-19, e.g. tríd an líonra pointí teagmhála náisiúnta;

**MOLANN SÍ** do na Ballstáit comhordú a dhéanamh eatarthu féin ar na gníomhaíochtaí a dhéantar agus rannchuidiú gníomhach a dhéanamh le malartú rialta tuairimí ar dhea-chleachtais;

**CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go bhfuil sé ríthábhachtach suíomh gréasáin an Choimisiúin, 'Re-open_EU', a chruthú agus a chothabháil, **MOLANN SÍ** do gach Ballstát na rialacha, na nósanna imeachta agus na moltaí uile is infheidhme faoi láthair ina dhlínse a thuairisciú don Choimisiún Eorpach, agus an fhaisnéis seo a choimeád cothrom le dáta, agus **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** i ndáil leis sin, forbairt córais rianaithe teagmhála agus rabhaidh ar fud an Aontais;

**MOLANN SÍ** do na Ballstáit na prionsabail thuas a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus **IARRANN SÍ** ar na páirtithe leasmhara eile iad a chur chun feidhme ina réimsí féin faoi seach;

**MOLANN SÍ** do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar na bearta a mholtar sna conclúidí seo a chur i bhfeidhm go hiomchuí ar sheirbhísí comhchoiteanna intíre do phaisinéirí freisin.